

Aonad 10 – Ceacht 7



Ceartha Tomhaltóirí Cás-Staidéir – Leathanach an Mhúinteora



Roinnt eolais thíos ar chásanna Jenny agus Jamie.

Jenny

Cén chomhairle a thabharfá do Jenny?

Tá sé an-díomách go bhfuil an cheolchoirm curtha ar ceal, ach tá sé tábhachtach go mbeifeá ar an eolas faoi do chearta. Tá aisíocaíocht iomlán ar an ticéad ag dul duit. Ba cheart go mbeadh sonraí faoi seo san eolas a cuireadh ar fáil nuair a cheannaigh tú an ticéad. Mura bhfuil an t-eolas seo agat, ba cheart go mbeadh sé ar fáil ón díoltóir. Féach ar a shuíomh gréasáin.

Más rud é gur chuir tú lóistín agus ticéad don traen in áirithe freisin, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis na comhlachtaí seo chun na téarmaí agus coinníollacha a bhíonn acu maidir le cealuithe agus aisíocaíochtaí a fhiosrú leo.

Eolas breise:

Is minic go gcuirtear cathú ar dhaoine nach bhfaigheann ticéid nuair a bhíonn siad ar díol iad a cheannach ó fhoinsé eile – cosúil le suíomh nó tríú change to páirtí eile. Más suíomh oifigiúil é seo, ba cheart go mbeadh aisíocaíocht ag dul duit má chuirtear an ócáid ar ceal. Ach más díoltóir príobháideach a bhíonn ann – ní bhíonn na cearta céanna agat. Mar is minic go ndéantar aisíocaíochtaí ar ócáidí atá curtha ar ceal tríd an gcárta nó don duine a cheannaigh iad ag an mbunphointe.

Más rud é gur athraigh Jenny a hintinn agus nach raibh fonn uirthi dul a thuilleadh

Nuair a cheannaíonn tú ar líne, tugtar tréimhse shuaimhnithe 14 lá duit. Tosaíonn an tréimhse seo ón am go bhfaigheann tú na hearraí. I gcás conartha, críochnaíonn an tréimhse seo 14 lá tar éis don chonradh tosú.

Ach – tá míreanna agus seirbhísí áirithe nach bhfuil clúdaithe faoin tréimhse shuaimhnithe seo. Níl aon chearta agat i gcás ticéid cheolchoirme nó ticéid d'ócáidí spóirt. Mar sin, ní bheadh aon chearta ag Jenny más rud é go n-athraíonn sí a hintinn



Aonad 10 – Ceacht 7



Ceartha Tomhaltóirí Cás-Staidéir – Leathanach an Mhúinteora



Jamie

Cén chomhairle a thabharfá do Jamie?

Sa chás seo, tá cead iomlán ag an siopa an cinneadh seo a dhéanamh – agus dearbhán eile a chur ar fáil. Níl sé de cheart agat airgead tirim a fháil, seachas más rud é go bhfuil seo luaite go sonrach sna téarmaí agus coinníollacha ar an dearbhán. Is fútsa atá sé an luach iomlán a úsáid.

Toisc nach bhfuil aon sóinseáil ag dul duit, b'fhiú a fhiosrú an bhféadfá an dearbhán a thabhairt do dhuine éigin eile – is é sin, an bhfuil sé in-idirmhalartaithe – mar seans go mbeadh aithne agat ar dhuine éigin a bhainfeadh leas as.

Nuair a fhaigheann tú dearbhán bronnánais nó cárta bronnánais, féach ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis chun an riosca a laghdú.

